

Síntiúis do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna 2016

arna gcur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ag Comhaltaí den dá Theach den Oireachtas agus ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, de bhun alt 24 den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú

Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí don Cheann Comhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Meitheamh 2017

*An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02HE97
Teileafón: (01) 6395666
R-phost: sipo@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland*

Clár Ábhar

Brollach

Caibidil 1 Réamhrá

Caibidil 2 Faisnéis ghinearálta a bhaineann le síntiúis

Caibidil 3 Síntiúis arna nochtadh

Caibidil 4 Ráitis ó shíntiúsóirí

Caibidil 5 Ráitis Síntiúis a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán a fhoilsiú

Aguisíní


Aguisín 1 Síntiúis arna nochtadh ag Comhaltaí

Aguisín 2(a) Síntiúis arna nochtadh ag síntiúsóirí alt 24(1A) – liostaithe de réir páirtí

Aguisín 2(b) Síntiúis arna nochtadh ag síntiúsóirí alt 24(1A) – liostaithe de réir síntiúsóra

Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Na ráitis síntiús/dearbhuíthe reachtúla a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil, cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí iad de bhun alt 24 den Acht. Na deimhnithe síntiús airgid/dearbhuíthe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais, cuireadh ar fáil iad de bhun alt 23B den Acht.



An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2017

Caibidil 1 Réamhrá

De réir na bhforálacha i gCuid IV den Acht, ceanglaítear ar dhuine ar bith a bhí ina Chomhalta de Dháil Éireann (TD), ina Chomhalta de Sheanad Éireann (Seanadóir) nó ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE) sa bhliain roimhe ráiteas síntiús/deimhniú síntiúis airgid/dearbhu reachtúil agus, nuair is cuí, ráiteas bainc i leith na bliana roimhe a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán roimh an 31 Eanáir gach bliain.

Ceanglaítear le halt 4(1) den Acht ar an gCoimisiún um Chaighdeán breithniú a dhéanamh ar gach ráiteas agus fógra a chuirtear ar fáil dó i dtaca le síntiús pholaitíochta agus, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tuarascáil i scríbhinn a chur ar fáil don Cheann Comhairle ar aon ábhar a d'fhéadfadh teacht aníos.

Baineann an tuarascáil seo leis na tuairisceáin reachtúla a cuireadh ar fáil maidir leis an mbliain 2016. Ós rud é go raibh olltoghchán don Dáil agus don Seanad ann sa bhliain 2016, áirítear iad seo leis na daoine sin a gceanglaítear orthu ráiteas síntiús a chur ar fáil maidir leis an mbliain 2016 -

- Comhaltaí den dá Theach suas go dtí dáta na dtoghchán,

agus

- Comhaltaí reatha den dá Theach den Oireachtas agus FPEanna.

Maidir leis na TDanna agus na Seanadóirí sin a bhí ag dul as oifig mar nár éirigh leo i dtoghchán na Dála nó i dtoghchán an tSeanaid, ós rud é go raibh de cheangal orthu Ráiteas Síntiús inar nochtadh aon síntiús a fuarthas i dtaca leis an toghchán a chur ar fáil don Choimisiún 56 lá tar éis an toghcháin lenar bhain, chinn an Coimisiún nár ghá dóibh Ráiteas Síntiús breise a chur ar fáil.

Mar sin féin, bhí de cheangal ar na TDanna agus na Seanadóirí sin nach ndeachaigh san iomaíocht sna toghcháin Ráiteas Síntiús a chur ar fáil mar go raibh siad ina gComhaltaí de cheann amháin de na Tithe ar feadh tréimhse sa bhliain 2016, i.e. suas go dtí dáta lánscor na Dála nó scor an tSeanaid.

De réir alt 4(5) den Acht, ní mór tuarascáil an Choimisiúin a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas.

Tugtar sna hAguisíní na sonraí ábhartha a bhaineann le síntiús a nochtadh.

Caibidil 2 Faisnéis ghinearálta a bhaineann le síntiúis

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin treoirínite roimhe sin do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna maidir le síntiúis. Leagtar amach iontu na ceanglais a bhaineann le hábhair éagsúla amhail glacadh le síntiúis agus iad a nochtadh, síntiúis thoirmiscthe agus cuntais síntiúis polaitíochta. Tá na treoirínite sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin - www.sipo.ie.

Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar fhaisnéis úsáideach ábhartha.

Suimeanna ábhartha

€100	Ar shíntiúis den luach seo a fháil, ní mór do TD, do Sheanadóir nó do FPE cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin).
€100	Ní fhéadfar glacadh le síntiúis gan ainm os cionn na suime seo.
€200	An síntiúis uasta airgid thirim a bhféadfaidh TD, Seanadóir nó FPE glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.
€200	An síntiúis uasta a bhféadfaidh duine cuntasach (TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, páirtí polaitíochta, tríú páirtí nó aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta) glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún.
€200	An síntiúis comhiomlán uasta a fhéadfaidh cuideachta, ceardchumann, cumann nó cumann foirgníochta a thabhairt sula dtuairisceofar é i dtuairisceáin bhliantúla arna ndéanamh faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, nó do Chláraitheoir na gCara-chumann nó do thuarascáil de chuid cumann foirgníochta (faoin Acht Cumann Foirgníochta, 1989).
€600	Ní mór gach síntiúis os cionn na suime seo a fhaigheann TD, Seanadóir nó FPE a nochtadh ar an Ráiteas Síntiúis.
€1,000	An síntiúis uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir nó FPE glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain ar leith.
€2,500	An síntiúis uasta a bhféadfaidh páirtí polaitíochta, aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire.

Caibidil 3 Síntiúis arna nochtadh

Tugtar achoimrí sna táblaí sna hAguisíní ar na síntiúis a nochtadh. Tá na ráitis síntiús aonair ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin - www.sipo.ie.

Ceanglaíodh ar 259 nduine a chuimsigh Comhaltaí agus iar-Chomhaltaí ráitis síntiús a chur ar fáil maidir leis an mbliain 2016. Bhí siad mar seo a leanas –

- 158 dTeachta Dála (TD)
- 60 Seanadóir
- 11 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE)
- 19 n-iarTheachta Dála (TD)
- 11 iar-Sheanadóir

Comhdú Déanach Tuairisceán

Bhí dualgas ar gach Comhalta a ráitis síntiús a chur ar fáil faoin 31 Eanáir 2017. Chomhlíon 246 Comhalta na ceanglais reachtúla go hiomlán faoi spriocdháta an 31 Eanáir. Bhí 13 Comhalta ann a rinne amhlaidh go mall. Chomhlíon an 259 gComhalta go léir na ceanglais reachtúla faoin 25 Feabhra 2017.

Déantar foráil le hailt 25(1)(c) agus 25(2)(c) den Acht gur ciontach i gcion a bheidh Comhalta a dteipeann air an ráiteas síntiús/dearbhu reachtúil agus an deimhniú síntiús airgid/dearbhu reachtúil mar aon le ráiteas ó institiúid airgeadais a chur ar fáil faoin 31 Eanáir. I gcás go bhfuil duine ciontach i gcion faoin alt sin, beidh an duine faoi dhliteanas fíneáil nach mó ná €2,500 a íoc ar é a chiontú go hachomair agus faoi dhliteanas fíneáil leanúnach nach mó ná €500 sa lá a íoc as gach lá, tar éis é a chiontú, ar a bhfuil na tuairisceáin reachtúla fós amuigh.

Ós rud é go bhfuil siad go léir ag comhlíonadh na gceanglas go substainteach, níor cuireadh comhad ar bith faoi bhráid an Gharda Síochána le haghaidh ionchúiseamh.

Foráiltear le hailt 23A(1)(i) agus (ii) den Acht nach mór an síntiús a thabhairt ar ais don síntiúsóir laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús sin a fháil i gcás gur mó a luach ná an teorainn cheadaithe nó, i gcás gur síntiús airgid é, ní mór an chuid sin atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don síntiúsóir. Ní mór taifead scríofa a choinneáil ar thabhairt ar ais an tsíntiúis ionas go bhféadfar é a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán, más gá; nó, ní mór d'fhaighteoir an tsíntiúis, laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán faoin síntiús agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeán. I gcás síntiús airgid, ní mór an chuid de atá os cionn na teorann a chur ar ais.

Léirítear sa tábla in Aguisín 1 gurbh iad glansíntiúis dar luach iomlán **€72,969.12** a nocht Comhaltaí maidir leis an mbliain 2016. Sna ráitis síntiús a chuir an tAire Paschal Donohoe TD, an tUas. Martin Ferris TD, an tUas. Alan Kelly TD, an tAire

Denis Naughten TD agus an tUas. Fergus O'Dowd TD ar fáil, nochtadh síntiúis ó dhaoine nach raibh cónaí orthu ar oileán na hÉireann. Dheimhnigh na hAirí gur saoránaigh Éireannacha iad na síntiúsóirí i gceist, mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

De bhreis ar shíntiúis a nochtadh i dtaca le tuairisceáin 2016, nocht 6 Comhaltaí **€9,084** ina ráitis síntiús neamhrathúla i dtaca lena n-iarrthóireacht in Olltoghchán 2016.

Caibidil 4 Ráitis ó Shíntiúsóirí

Foráiltear le halt 24(1A) den Acht nach mór do dhuine aonair ráiteas síntiús/dearbhu reachtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin sa chás go dtugann sé/sí, in aon bhliain ar leith, síntiús dar luach comhiomlán os cionn €1,500 do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta nuair a tugadh na síntiús, nó do pháirtí polaitíochta, agus do dhuine amháin nó níos mó dá chuid comhaltaí. Ní mór sonraí a thabhairt sa ráiteas síntiús faoi na síntiús agus faoi na daoine ar tugadh iad dóibh agus ní mór iad a chur isteach faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Sa chás nach bhfuil sé ar intinn ag síntiúsóir an ceanglas sin a chomhlíonadh agus go bhfuil Feisire nó páirtí ar an eolas faoi sin, beidh toirmeasc ar an gcomhalta/ar an bpáirtí glacadh le síntiús ón duine sin.

Fuarthas ocht ráiteas síntiús ó shíntiúsóirí aonair maidir leis an mbliain 2016. Leagtar amach in Aguisín 2(b) na sonraí faoi na síntiús a nochtadh. Ba iad síntiús dar luach iomlán **€37,274** a nocht an t-ocht ar shíntiúsóirí maidir leis an mbliain 2016.

Caibidil 5 Ráitis Síntiús a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán a fhoilsiú

Tá na ráitis síntiús á leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu ag an gCoimisiún um Chaighdeán de bhun alt 24(7)(a) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú.

Tá na ráitis síntiús a fuarthas ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeán agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Tá cóip den tuarascáil seo agus den phreaseisiúint a ghabhann léi ar fáil ar an suíomh Gréasáin freisin - www.sipo.ie.

De réir alt 23B(8) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú, níl sé ina cheangal deimhnithe síntiúis airgid, dearbhuithe reachtúla agus ráitis bhainc tionlacain a leagan faoi bhráid na dTithe agus níl siad ar fáil don phobal lena n-iniúchadh.

Aguisín 1 - Síntiúis arna nochtadh ag Comhaltaí

Páirtí	Comhalta	Síntiúsóir	Luach iomlán na síntiús	Luach iomlán na Síntiús a Tugadh do Pháirtithe
			€	€
Fianna Fáil	John Brassil TD	An Dr Joan Ahern, Cill na Seanrátha, Co. an Chabháin	1,000.00	
		Mary Brassil, DIRTANE, Baile Uí Thaidhg, Trá Lí, Co. Chiarraí	1,000.00	
		John Hannan, Urláí, Lios Eiltín, Co. Chiarraí	1,000.00	
	James Browne TD	*Comhairle Ceantair Inis Córthaidh/Bhun Clóidí de chuid Fhianna Fáil, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman	1,000.00	
	Shane Cassells TD	James N. Fitzsimons, 'Ardsion', Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí	1,000.00	
		Paul Mac Quillan, Teach an tSeandroichid, Cill an Chairn, An Uaimh, Co. na Mí	750.00	
	An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee	Leo Mohan, 5 Ardán Lansdún, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4	750.00	
	John Curran TD	*Comhairle Dáilcheantair Bhaile Átha Cliath Thiar Meán de chuid Fhianna Fáil, Ard na Mainistreach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22	1,000.00	
	Sean Haughey TD	Victor Brophy, Corona, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cill Fhionntain, Baile Átha Cliath 13	1,000.00	
		Dermot Desmond, Teach an Lárionaid Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Cé Theach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1	1,000.00	
	James Lawless TD	Sean Davin, 17 Lána Raglan, Baile Átha Cliath 4	1,000.00	


		Sean Darcy, 13 Plásóga na Moiréile, An Nás, Co. Chill Dara	1,000.00	
		Michael Duff, Ryefield, Bóthar Mhóin Réad, An Nás, Co. Chill Dara	1,000.00	
		Margaret Davin, 17 Lána Raglan, Baile Átha Cliath 4	1,000.00	
	Micheál Martin TD	*Fianna Fáil, 65/66 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2	1,000.00	
	John McGuinness TD	Comhairle Dáilcheantair Chill Chainnigh de chuid Fhianna Fáil, faoi chúram Conor O'Higgins, Ráth an tSiollámaigh, Co. Chill Chainnigh	1,000.00	
	Jim O'Callaghan TD	John Donnelly, Glenbevan, An Bóthar Trasna, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	1,000.00	
	Willie O'Dea TD	Anthony Burke, 20A Knockhill, Bóthar na hInse, Luimneach	1,000.00	
	Fiona O'Loughlin TD	*Comhairle Dáilcheantair Chill Dara Theas de chuid Fhianna Fáil, Fiodh Alúine, Co. Chill Dara	1,000.00	
	Seán Ó Fearghail TD, an Ceann Comhairle	*Comhairle Dáilcheantair Chill Dara Theas de chuid Fhianna Fáil, Fiodh Alúine, Co. Chill Dara	1,000.00	
Iomlán				19,500.00
Fine Gael				
	An tAire Simon Coveney	Martin Horan, Ráth an Ghrua, Droichead an Mhionnáin, Co. Chorcaí	1,000.00	
		Nancy Horan, Ráth an Ghrua, Droichead an Mhionnáin, Co. Chorcaí	1,000.00	
		Annraí O'Toole, 53 Bóthar Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6	1,000.00	
	Michael D'Arcy TD	Anthony Neville, Teach Alma, An Pháirc, Co. Loch Garman	1,000.00	
		Joe Divito, Cúil Ghréine, Guaire, Co. Loch Garman	650.00	
		Patrick Asple, North Parade, Guaire, Co. Loch Garman	1,000.00	

		Peggy D'Arcy, 60 Plásóg Shrewsbury, Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18	1,000.00
		Robert Hughes, An Inis, Guaire, Co. Loch Garman	1,000.00
		Ronnie McCormack, Baile Corráin Léith, Cúil Ghréine, tríd an Inbhear Mór, Co. Chill Mhantáin	1,000.00
		Thomas Lynch, San Marco, Bóthar Brighton, Carraig an tSionnaigh, Baile Átha Cliath 18	1,000.00
		Walter Hobbs, 17 Páirc Chnoc Sionnaigh, Carraig an tSionnaigh, Baile Átha Cliath 18	1,000.00
	An tAire Paschal Donohoe	Lorcan Patrick Cleary, Wimbledon, SW19 5AD, Sasana	1,000.00
		Michael McNally, 2 Cloncurry Street, Londain, SW6 6DR, Sasana	1,000.00
		Ronan Donohoe, 71 Portland Road, Londain, W11 4LJ, Sasana	1,000.00
		Ross Niland, 56 Warren House, Londain, W14 8TT, Sasana	1,000.00
		Shane O'Gorman, 2 Árais Chónaithe Pháirc an Chaisleáin, Bóthar Pháirc an Chaisleáin, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath	1,000.00
	An tAire Andrew Doyle	Paul McGuinness, Teach na hAbhann Móire, An Abhainn Mhór, Co. Chill Mhantáin	1,000.00
	An tAire Simon Harris	Barry Kenny, Aonad 1, Cúirt an Mhargaidh, An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin	1,000.00
	An tAire Heather Humphreys	Eileen Wright, 12A Lána Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4	1,000.00
	An tAire Helen McEntee	Gareth Robinson, Árasán 77, Árasáin Lána an Mhuilinn Ghaoithe, Lána an Mhuilinn Ghaoithe, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2	1,000.00

	An tAire Dara Murphy	Jim Hennessy, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí	1,000.00	
		Gary Quinn, An Glaisín, Co. Chorcaí	640.00	
	Kate O'Connell TD	Eileen Wright, 40 Óstán Russell Court, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2	1,000.00	
	Fergus O'Dowd TD	Niall O'Dowd, 2100 875 6th Avenue, Nua-Eabhrac, NY10001, SAM	899.94	
Iomlán				23,189.94
An Comhaontas Glas	An Seanadóir Grace O'Sullivan	Eamon McSweeney & Catherine Hayden, Drom Conáin, Trá Mhór, Co. Phort Láirge	1,000.00	
		Richard Rice, Monte Vista, Bóthar Chnoc na Críche, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath	1,000.00	
	Eamon Ryan TD	Frank Keogh, 2 Country Brook Lawns, Áth na Sceire, Co. Chill Mhantáin	1,000.00	
		Bob Ryan, 18 Ascaill Burdett, Cuas an Ghainimh, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	1,000.00	
Iomlán				4,000.00
Comhaltáí Neamhspleácha	An tAire Seán Canney	Frank Canavan, Béal Chláir, Tuaim, Co. na Gaillimhe	1,000.00	
	An Seanadóir Gerard Craughwell	Gan ainm	100.00	
	Stephen Donnelly TD	Triona Sheeran, 1 Twin Oaks, Bóthar an Teampaill, Na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin	1,000.00	
		Michael Hall, 70 Na Giúiseanna, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath	1,000.00	
		Michael Chadwick, Sráidbhaile Charraig Ghamhna, Bealach an Ghleanna Mhóir, Cill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin	1,000.00	
		Declan Cunningham, 25 Páirc Pheambróg, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4	1,000.00	

		David Hall, 5 Garrán an Choláiste, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15	1,000.00	
	Michael Harty TD	Roisin Costello, Cloch Shiurdáin, Co. Thiobraid Árann	1,000.00	
		Liam Glynn, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir	1,000.00	
		Finbar Fitzpatrick, 6 Páirc Gnó an Gheata Thiar, Abbey Medical Centre, Cill Rois, Inis, Co. an Chláir	800.00	
		An Dr Colm Gavin, Saffron & Blue Medical Practice, Droichead an Chláir, Co. an Chláir	1,000.00	
		Peter O'Dwyer, 46 Sráid Líosain Uachtarach, Baile Átha Cliath 4	900.00	
	An Seanadóir Alice-Mary Higgins	John Higgins, Iolard, Gráig na Manach, Co. Chill Chainnigh	800.00	
		Kieran & Catherine Bourke, Bóthar na Creige, Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann	1,000.00	
	Mattie Mc Grath TD			
	An tAire Denis Naughten	Mary Naughten, Ardkeen Drive, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin	1,000.00	
		John Tiernan, Tibarney, Tigh Srathra, Co. Ros Comáin	1,000.00	
		Cyril Regan, 8200 S 86th CT Justice, Illinois, 60458, SAM	1,000.00	
iomlán				15,600.00
Sinn Féin				
	Martin Ferris TD	Bill O'Reilly, 107 Brondesdury Villas, Kilburn, Londain, NW6 6AG, Sasana	656.08	
		Aishling Morrissey, 121 Ridgewood Ave, Yonkers, Nua-Eabhrac, SAM	880.00	
	Mary Lou McDonald TD	Martin Lanigan, 186 Bóthar na Cabraí, Baile Átha Cliath 7	1,000.00	
	Imelda Munster TD	Emmet Steenson, 68 Bóthar Shrewsbury, Droichead Átha, Co. Lú	400.00	

		Aodh McSeain, 87 Brookville, Droichead Átha, Co. Lú	600.00	
	Carol Nolan TD	Oisín O'Sullivan, The Tanard, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí	150.00	
	Donnchadh Ó Laoghaire TD	Rossa Frenett, Tathuille, An Cóbh, Co. Chorcaí	199.10	
		Eileen Spillane, 17 The Manor, Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh	60.00	
		Edward Dore, 35 Páirc Lansdún, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4	40.00	
		David Barry, 17 Montrose Gardens, Baile an Easpaig, Corcaigh	100.00	
iomlán				4,085.18
Na Daonlathaithe Sóisialta	Catherine Murphy TD	Michael Chadwick, Teach Charraig Ghamhna, Bealach an Ghleanna Mhóir, Cill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin	1,000.00	1,000.00
Páirtí an Lucht Oibre	An Seanadóir Kevin Humphreys	John O'Connor, 14 Bóthar Merton, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	1,000.00	
		Caroline Hussey, 10 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4	1,000.00	
	Alan Kelly TD	Michael Madden, 10 Graham Court, Rye, Nua-Eabhrac, SAM	995.00	
		Declan Kelly, Baile an Chaisleáin, An Port Rua, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	999.00	
	An Seanadóir Aodhán Ó Ríordáin	Kathleen & Sean Reardon, 133 Biscayne, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath	600.00	
	Brendan Ryan TD	*Cumann na bhFoirne Tuarastail Iompair, Cúirt Mhic an Airchinnigh, As Sráid Temple, Baile Átha Cliath 1	1,000.00	
	iomlán			
	iomlán		72,969.12	72,969.12



*Síntiúsóir Corparáideach Cláraithe

Aguisín 2(a) - Síntiúis arna nochtadh ag Síntiúsóirí alt 24(1A) – liostaithe de réir páirtí

Páirtí is Faighteoir	Faighteoir an tsíntiúis	Síntiúsóir	Luach iomlán na síntiús €
Fine Gael	Heather Humphreys TD	Eileen Wright, 12A Lána Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4	1,000.00
	Kate O'Connell TD		1,000.00
An Comhaontas Glas	Gearoid Fitzgibbon	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	950.00
	An Comhaontas Glas, Sráid Suffolk	Brian Hurley, 63 Na Plásóga Glasa, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath	2,000.00
	An Comhaontas Glas, Fine Gall		480.00
	An Comhaontas Glas, Sráid Suffolk	Frank Keogh, Country Brook Lawns, Áth na Sceire, Co. Chill Mhantáin	1,000.00
	Eamon Ryan TD		1,000.00
Comhalta Neamhspleách	Declan Bree	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	950.00
Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	Sharon Briggs	Unite the Union, 55-56 Sráid na Mainistreach Láir, Baile Átha Cliath 1	100.00
	Una Dunphy	Unite the Union, 55-56 Sráid na Mainistreach Láir, Baile Átha Cliath 1	1,000.00

	Brian Finucane	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	950.00
	Aishling Merriman	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	950.00
	Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	Unite the Union, 55-56 Sráid na Mainistreach Láir, Baile Átha Cliath 1	2,500.00
Na Daonlathaithe Sóisialta	Liam Coyne	Michael Chadwick, Teach Charraig Ghamhna, Bealach an Ghleanna Mhóir, Cill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin	1,000.00
	Ken Curtin		1,000.00
	Stephen Donnelly TD		1,000.00
	Gary Gannon		1,000.00
	James Heffernan		1,000.00
	Sarah Jane Hennelly		1,000.00
	Leonard Kelly		1,000.00
	Glenna Lynch		1,000.00
	Anne Marie McNally		1,000.00
	Catherine Murphy TD		1,000.00
	Cian O'Callaghan		1,000.00
	Aisling O'Neill		1,000.00
	Niall O'Tuathail		1,000.00
	Na Daonlathaithe Sóisialta		2,500.00
Páirtí an Lucht Oibre	Ger Dunne	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse,	950.00

		Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	
	Alan Kelly TD	Declan Kelly, Baile an Chaisleáin, An Port Rua, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	999.00
		Michael Madden, 10 Graham Court, Rye, Nua-Eabhrac, 10580, SAM	995.00
	Páirtí an Lucht Oibre	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	2,500.00
	Michael McCarthy	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	950.00
	Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann	Declan Kelly, Baile an Chaisleáin, An Port Rua, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	1,500.00
	IOMLÁN		37,274.00

Aguisín 2(b) - Síntiúis arna nochtadh ag Síntiúsóirí alt 24(1A) – liostaithe de réir síntiúsóra

Síntiúsóir	Páirtí is Faighteoir	Faighteoir an tsíntiúis	Luach iomlán na síntiús €
Brian Hurley, 63 Na Plásóga Glasa, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas, 16/17 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2	2,000.00
		An Comhaontas Glas, Fine Gall, Co. Bhaile Átha Cliath	480
Declan Kelly, Baile an Chaisleáin, An Port Rua, An tAonach, Co. Thiobraid Árann	Páirtí an Lucht Oibre	Alan Kelly TD	999
		Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann	1,500.00
Eileen Wright, 12A Lána Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4	Fine Gael	Heather Humphreys TD	1,000.00
		Kate O'Connell TD	1,000.00
Frank Keogh, 2 Country Brook Lawns, Áth na Sceire, Co. Chill Mhantáin	An Comhaontas Glas	An Comhaontas Glas, 16/17 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2	1,000.00
		Eamon Ryan TD	1,000.00
An tUas. Michael Madden, 10 Graham Court, Rye, Nua-Eabhrac, 10580, SAM	Páirtí an Lucht Oibre	Alan Kelly TD	995
Michael Chadwick, Teach Charraig Ghamhna, Bealach an	Na Daonlathaithe Sóisialta	Na Daonlathaithe Sóisialta	2,500.00
		Liam Coyne	1,000.00
		Ken Curtin	1,000.00

Ghleanna Mhóir, Cill Mocheanóg, Co. Chill Mhantáin		Stephen Donnelly TD	1,000.00
		Gary Gannon	1,000.00
		James Heffernan	1,000.00
		Sarah Jane Hennelly	1,000.00
		Leonard Kelly	1,000.00
		Glenna Lynch	1,000.00
		Anne Marie McNally	1,000.00
		Catherine Murphy TD	1,000.00
		Cian O'Callaghan	1,000.00
		Aisling O'Neill	1,000.00
		Niall O'Tuathail	1,000.00
An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU), Halla na Saoirse, Cé Éidin, Baile Átha Cliath 1	Páirtí an Lucht Oibre	Páirtí an Lucht Oibre	2,500.00
	Comhalta Neamhspleách	Declan Bree	950
	Páirtí an Lucht Oibre	Ger Dunne	950
	Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	Brian Finucane	950
	An Comhaontas Glas	Gearoid Fitzgibbon	950
	Páirtí an Lucht Oibre	Michael Mc Carthy	950
	Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	Aishling Merriman	950
Unite the Union, 55-56 Sráid na Mainistreach Láir, Baile Átha Cliath 1	Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	Comhghuaillíocht an Phobail roimh Bhrabús	2,500.00
		Sharon Briggs	100
		Una Dunphy	1,000.00
	IOMLÁN		37,274.00